

An leanbh nó duine óg thú a
úsáideann seirbhísí sláinte FSS?

Ba mhaith linn cloisteáil

uait






**bíodh
cead
cainte
agat**

Ba mhaith linn cloisteáil uait

Is mian le FSS cúram agus cóireáil shábháilte a chur ar fáil duit.

Ba mhaith linn go mbeifeá sásta leis an tseirbhís a fhaigheann tú agus leis an gcaoi a gcaitheann ár bhfoireann go léir leat. Chun a chinntiú gur mar seo a bheidh, inis dúinn faoi d'eispéreas agus ár seirbhísí á n-úsáid agat.

Tabharfaimid aird mar is cuí ar aon ní a inseoidh tú dúinn faoi



Tuairim:
Conas is féidir linn feabhas a chur ar ár seirbhísí?

Moladh:
Cad iad na rudaí a thaitin leat?

Gearán:
An é nach bhfuil tú sásta? Abair amach é!

Labhair le ball foirne nó leis an duine a bhfuil tú faoina c(h)úram. Ba mhaith leo an méid atá le rá agat a chloisteáil agus déanfaidh siad iarracht cabhrú leat láithreach bonn.

Mura dteastaíonn uait é a dhéanamh sa tslí sin, tá roghanna eile agat:

- Iarr ar do thuismitheoir(i)/chaomhnóir(i) do thuairim a insint dúinn.
- Cuir ríomhphost chugainn: **yoursay@hse.ie**
- Téigh chuig **www.hse.ie/yoursay** chun an Fhoirm Aiseolais Seirbhís Uainn Tuairim Uait a líonadh isteach ar líne.
- Líon amach an fhoirm atá i gceangal leis an mbileog seo.
 - Seol an fhoirm ar an ríomhphost nó sa phost chuig FSS Seirbhís Uainn Tuairim Uait trí na treoracha a thugtar leis an bhfoirm a leanúint.
- **nó**
 - Cuir sa bhosca aiseolais i d'ionad áitiúil do sheirbhísí sláinte í.
 - Tabhair do dhuine den fhoireann í.
 - Iarr seoladh agus cuir sa phost í. Más fearr leat litir a chur chuig an seoladh sin, déan amhlaidh agus fáilte.
- Cuir glao ar ár **bhFoireann Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS ó 9rn go 5in, Luan go hAoine** (seachas laethanta saoire bainc) agus labhair le ball foirne a chabhróidh leat.
 - Uimhir Shaorghlao: 1800 424 555
 - Glaoigh ar +353 1 642 4555 má tá tú lasmuigh d'Éirinn
- Cuir glaoch ar ár **bhFoireann HSELive ó 8rn go 8in, Luan go hAoine agus ó 9rn go 5in ar an Satharn** (seachas laethanta saoire bainc).
 - Uimhir Shaorghlao: 1800 700 700
 - Glaoigh ar +353 1 240 8787 má tá tú lasmuigh d'Éirinn

An méid a dhéanfaimid duit

Tuairim nó Moladh

Má thugann tú tuairim nó moladh beimid i dteagmháil leat agus cuirfimid do thuairim/mholadh ar aghaidh chuig an duine nó an tseirbhís cheart.

Gearán

Má tá gearán agat gabhaimid buíochas leat as é sin a chur in iúl dúinn agus déanfaimid iarracht é a réiteach chomh tapa agus is féidir linn, laistigh de 2 lá oibre de ghnáth.

Má theastaíonn níos mó ama uainn cuirfimid scéala chugat agus déanfaimid iarracht é a réiteach laistigh de 30 lá oibre. Má tá breis ama fós ag teastáil uainn coimeádfaimid ar an eolas thú gach 20 lá oibre.

Táimid sásta aon ní nach dtuigeann tú a mhíniú duit agus táimid sásta do cheistanna a fhreagairt.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig

[www.hse.ie/
your say](http://www.hse.ie/your say)



An t-eolas atá uaim chun gearán a dhéanamh

Cuir na nithe seo a leanas in iúl dúinn ionas gur féidir linn déileáil le do ghearán chomh tapa agus is féidir:

- An méid a tharla.
- Cathain a tharla sé agus cá háit ar tharla sé.
- Ainmneacha aon bhaill foirne nó duine eile a raibh baint acu leis an eachtra, más féidir.

Do Chearta

Is cuma cén aois thú, tá cearta agat i dtaca le seirbhísí sláinte. Áirítear ar na cearta sin:

- An ceart teacht a bheith agat ar sheirbhísí cúraim sláinte.
- An ceart cead cainte a bheith agat agus go n-éistfear leat.
- An ceart gearán a dhéanamh mura bhfuil tú sásta le seirbhís ar leith, nó leis an gcúram a dtugadh duit nó leis an tslí ar caitheadh leat.

Eolas úsáideach eile

- Tá an t-aiseolas uait faoi rún ach d'fhéadfaí é a roinnt má chreidimid go bhfuil baol ann duit féin nó d'aon leanbh nó d'aon duine óg eile.
- Is féidir le do thuismitheoir(i)/chaomhnóir(i) tuairim a thabhairt nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís thar do cheann agus má tharlaíonn sé sin iarrfaimid do chuid tuairimí féin chomh maith.
- Tabharfaimid tacaíocht duit nó inseoimid duit faoi na tacaíochtaí atá ar fáil duit.



Déan Teagmháil Linn

Labhair

le ball den fhoireann áitiúil

Seol ríomhphost chuig

yoursay@hse.ie

Líon isteach

an fhoirm aiseolais atá i gceangal leis an mbileog seo

Téigh chuig

www.hse.ie/yoursay chun Foirm Aiseolais Seirbhís Uainn Tuairim Uait a chomhlánú

Uimhir Shaorghlao

Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS ar 1800 424 555
ó 9rn go 5in - Luan go hAoine
(seachas laethanta saoire bainc)

Uimhir Shaorghlao

HSELive ar 1800 700 700
ó 8rn go 8in - Luan go hAoine
ó 9rn go 5in - ar an Satharn
(seachas laethanta saoire bainc)

Scan le haghaidh tuilleadh teangacha



Rinneadh forbairt ar an mbileog i gcomhar le



YOUTH
ADVISORY
COUNCIL



Má theastaíonn uait aiseolas a thabhairt faoi aon ghné dár seirbhís, chomhlánaigh an fhoirm seo seol an fhoirm chugainn.

Comhlánaigh d'fhoirm go leictreonach

Más mian leat aon athruithe a dhéanfaidh tú ar d'fhoirm a shábháil, ní mór duit leagan le déanaí de Adobe Acrobat Reader a úsáid

[Íoslódáil Adobe Acrobat Reader saor in aisce - adobe.com](https://www.adobe.com/ie/acrobat/reader-main.html)

Foirm aiseolais a sheoladh ar an ríomhphost

Molaimid duit an fhoirm PDF a chomhlánú ag baint úsáid as ríomhaire glúine nó gléas deisce. Más mian leat fón cliste nó táibléad a úsáid, ní mór duit aip eagarthóireachta PDF a bheith suiteáilte ar do ghléas.

1. Íoslódáil an fhoirm ar do gléas.
2. Oscail an fhoirm le d'eagarthóir PDF.
3. Comhlánaigh agus sábháil an fhoirm. Má úsáideann tú gléas móbíleach, seiceáil go bhfuil na sonraí go léir san fhoirm sábháilte i gceart.
4. Seol an fhoirm ar an ríomhphost chuig yoursay@hse.ie

An fhoirm a sheoladh sa phost

1. Priontáil an fhoirm agus líon isteach í (scríobh go soiléir nó i mbloclitreacha, le do thoil).
2. Seol chuig: Seirbhís Uainn Tuairim Uait FSS, Teach Darach, Ascaill na Teile, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara, W91 KDC2

Ba mhaith liom __ a dhéanamh (cuir tic le ceann amháin)

Tuairim Moladh Gearán

Cén tseirbhís a bhfuil tú ag scríobh fúithi?

Cár tharla sé seo?

Cathain a tharla sé seo?



Inis dúinn i d'fhocail féin cad é a tharla?

A large, empty rectangular area with a light yellow background, intended for the user to provide their response to the question above.



Ainm:	
Seoladh poist:	
Ríomhphost (má tá ceann agat):	
Uimhir theileafóin:	
Uimhir fóin póca:	
Síniú:	
Ainm an Tuismitheora / an Chaomhnóra:	
Síniú an Tuismitheora / an Chaomhnóra:	

D'úsáid Fhoireann FSS amháin

An dáta a fuarthas é:	
Tuairim / Moladh / Gearán (Uimhir):	
Suíomh:	
Oifigeach Gearán:	